

There are several ways to ask or give someone's name or surname in Irish.	
1. Is mise Seán.	I'm John.
2. Cad is ainm duit?	What's your name?
3. Seán is ainm dom.	My name's John.
4. Cén t-ainm atá ort?	What's your name?
5. Seán an t-ainm atá orm.	My name's John.
6. Cad a thugtar ort?	What are you called?
7. Seán a thugtar orm.	I'm called John.
8. Cén sloinne atá ort?	What's your surname?
9. Ó Murchú is sloinne dom.	My surname is Murphy.
10. Cad is ainm do d'athair?	What's your father's name?
11. Mícheál is ainm dó.	His name is Michael.
12. Seo í mo mháthair. Máire is ainm di.	This is my mother. Her name's Mary.

Most expressions to say where you were born or raised, or where you live use the preposition "i" (in), which eclipses the following word.	
13. Cár rugadh tú?	Where were you born?
14. Rugadh mé i dTexas.	I was born in Texas.
15. Cén tír inar rugadh tú?	In which country were you born?
16. Rugadh mé i Meiriceá.	I was born in America.
17. Rugadh mé sna Stáit Aontaithe.	I was born in the United States.
18. Cár tógadh tú?	Where were you raised?
19. Tógadh mé i Nua Eabhrac.	I was raised in New York.
20. Cad as duit?	Where are you from?
21. Is as Nua Eabhrac mé.	I'm from New York.
22. Cá bhfuil tú i do chónaí?	Where do you live?
23. Táim i mo chónaí i gCoronado.	I live in Coronado.
24. Cá bhfuil cónaí ort?	Where do you live?
25. Tá cónaí orm i San Diego.	I live in San Diego.
26. Cén seoladh atá agat?	What's your address?
27. Fiche a trí Sráid Uí Chonaill.	23 O'Connell Street.

Age. To tell your age, you say how many years (<i>bliana</i>) of age you are.	
28. Cén aois thú?	How old are you?
29. Táim sé bliana déag d'aois.	I'm sixteen years old.
30. Táim naoi mbliana is fiche d'aois.	I'm twenty nine years old.
31. Táim aon bhliain is caoga d'aois.	I'm fifty one years old.
32. Ní bhaineann sin leat!	It's none of your business!

Phone and email. Irish has three words for phone (<i>guthán, teileafón, fón</i>). When giving out telephone numbers, read off each digit, preceded by "a". Email is " <i>ríomhphost</i> ", a combination of " <i>ríomhaire</i> " = "computer" and " <i>post</i> " = "mail".	
33. Cad é d'uimhir ghutháin?	What's your telephone number?
34. Cad é d'uimhir theileafóin?	What's your telephone number?
35. Cad é uimhir do ghutháin phóca?	What's your cell phone number?
36. A sé, a haon, a naoi, ...	Six, one, nine, ...
37. A hocht, a cúig, a hocht, ...	Eight, five, eight, ...

38.	Is é m' uimhir theileafóin ná ...	My telephone number is ...
39.	Cad é do sheoladh ríomhphoist?	What's your email address?
40.	Is é <i>ess</i> ag <i>hofshi</i> ponc <i>net</i> .	It's <i>ess</i> at <i>hofshi</i> dot <i>net</i> .

Siblings and children. The expression “*cé mhéad*” means “how many”. Remember that with people, a special set of numbers is used.

41.	An bhfuil deartháireacha nó deirfiúracha agat?	Do you have brothers or sisters?
42.	Cé mhéad deartháireacha atá agat?	How many brothers do you have?
43.	Tá deartháir amháin agus beirt deirfiúracha agam.	I have one brother and two sisters.
44.	Tá triúr deartháireacha agus deirfiúr amháin agamsa.	I have three brothers and one sister.
45.	Cé mhéad páiste atá agat?	How many children do you have?
46.	Tá mac agus iníon agam.	I have a son and a daughter.
47.	Tá triúr mac agus ceathrar iníonacha againn.	We have three sons and four daughters.

Marital status. The word “*geallta*” = “engaged” comes from “*geall*” = “promise”.

48.	An bhfuil tú pósta?	Are you married?
49.	Táim singil.	I'm single.
50.	Táim geallta.	I'm engaged.
51.	Táim scartha / colscartha.	I'm separated / divorced.
52.	Is baintreach mé.	I'm a widow.

Hair colors and styles. There are two ways to talk about your hair; it is either “*mo ghruaig*” or “*mo chuid gruaige*”.

53.	Cén saghas gruaige atá agat?	What kind of hair do you have?
54.	Tá gruaig fhada / ghearr / chatach / dhíreach agam.	I have long / short / curly / straight hair.
55.	Cén dath atá ar do chuid gruaige?	What color is your hair?
56.	Tá dath dubh / donn / rua / fionn / liath uirthi.	It's black / brown / red / blond / grey.
57.	Tá gruaig dhubh / dhonn / rua / fhionn / liath orm.	I have black / brown / red / blond / grey hair.

Eye colors. When describing “*súile*” = “eyes”, you have to use the plural form of the adjective.

58.	Cén dath atá ar do shúile?	What color are your eyes?
59.	Tá siad glas / gorm / donn / liath / dubh.	They are green / blue / brown / grey.
60.	Tá súile glasa / gorma / donna / liatha / dubha agam.	I have green / blue / brown / grey / black eyes.

Height. Height is measured in feet (*troithe*) and inches (*orlaí*).

61.	Cén airde thú?	How tall are you?
62.	Táim cúig troithe agus ocht n-orlaí ar airde.	I'm five feet eight inches high.
63.	Táim sé troithe agus dhá orlach ar airde.	I'm six feet two inches high.

Weight. Weight is measured in stones (*clocha*) and pounds (*puint*). A stone is 14 pounds.

64.	Cén meáchan thú?	How much do you weigh?
65.	Táim seacht gcloch agus cúig phunt meáchain.	I weigh 103 lb. (7 stone and 5 pounds).
66.	Táim aon chloch déag agus naoi bpunt.	I'm 163 lb. (11 stone and 9 pounds).

Ainm agus Aois: Mír a haon:

An Chéad Chainteoir: Is mise Seán. Ó Murchú is sloinne dom. Tá mé dhá bhliain déag d'aois.

An Dara Cainteoir: Is mise Máire. Ní Bhriain is sloinne dom. Tá mise trí bliana déag d'aois.

An Tríú Cainteoir: Pól Ó Braonáin is ainm domsa. Tá mise sé bliana déag d'aois.

An Ceathrú Cainteoir: Breandán Ó Loinsigh a thugtar ormsa. Tá mé ocht mbliana déag d'aois.

Áit Chónaithe: Mír a haon:

Comhrá a haon:

A: A Sheáin, cad as duitse?

B: Is as Corcaigh mise.

Comhrá a dó:

A: A Shíle, cé as thú?

B: Is as Gaillimh mise.

Comhrá a trí:

A: A Mháirtín, cad as tusa?

B: Is as Contae Átha Cliath mise.

Comhrá a ceathair:

A: A Shéamais, cad as duitse?

B: Mise? Ó, is as Luimneach mise.

Comhrá a cúig:

A: A Nóra, cad as duitse?

B: Is as Dón na nGall mise!

Comhrá a sé:

A: A Phroinsias, cad as duit?

B: Mise? Ó, is as Tiobraid Árann mise.

Áit Chónaithe: Mír a dó:

Comhrá a haon:

A: A Shíle, cá bhfuil tú i do chónaí?

B: Tá mise i mo chónaí i Leitir Ceanainn.

Comhrá a dó:

A: A Mhíchíl, cá bhfuil tú i do chónaí?

B: Tá mise i mo chónaí i Sligeach.

Comhrá a trí:

A: A Phádraig, cá bhfuil tú i do chónaí?

B: Tá mise i mo chónaí i gCill Chainnigh.

Comhrá a ceathair:

A: Mhairéad, cá bhfuil tú i do chónaí?

B: Tá mise i mo chónaí i Lios Tuathail.

Gaeilge ar an Ghréasán

Ranganna	Léann	Corpas	Gaeltachtai
Foghlaim na Gaeilge	- institiúideanna	Litríocht	Ionaid
Súil air an Ghaeilge	- ollscoileanna	Díoltóirí leabhar	Eagraíochtaí
	- coláistí		Rialtas
Riomhaireacht	- scoileanna	Siamsa	Creideamh
Comhrá ar an Idirlión	- cúrsaí trí Ghaeilge		eile
Gramadach	Clann	Dráma	
Sean Ghaeilge		Damhsa	
Aistrúchán	Na Meáin	Ceol	Stórais eile faisnéise
Logainmneacha	- Nuachtáin	Ceoltóirí	
	- Irisí		
	- Raidió agus Teilifís		

Gaeilge ar an Ghréasán

The “Gaeilge ar an Ghréasán” (“Irish on the Web”) site is a good starting off point for finding information about the Irish language. The site can be viewed in Irish or English, and provides links to numerous resources on the web, from classes to font downloads, to newspapers, to jokes. If you’re looking for free Irish learning material, this is a great place to start.

<http://www.smo.uhi.ac.uk/gaeilge/gaeilge.html>

Ceisteanna

Freagair na ceisteanna a leanas le habairtí iomlána. Déan cleachtadh ar na sonraí a léamh amach os ard.
Answer the following questions with complete sentences. Practice reading the details out loud.

1. Cad is ainm duit? (what is your name)
2. Cén tír inar rugadh tú? (in which country were you born)
3. Cén chathair inar rugadh tú? (in which city were you born)
4. Cá bhfuil tú i do chónaí anois? (where do you live now)
5. An bhfuil deartháireacha nó deirfiúracha agat? (do you have brothers or sisters)
6. An bhfuil páistí agat? (do you have children)
7. Cén dath atá ar do shúile? (what color are your eyes)
8. Cén dath atá ar do chuid gruaige? (what color is your hair)
9. Cén aois thú? (how old are you)
10. Cén airde thú? (how tall are you)
11. Cad é d’uimhir theileafóin? (what’s your phone number)
12. Cad é do sheoladh ríomhphoist? (what’s your email address)